Coláiste an Phiarsaigh
Gleann Maghair
Corcaigh
T45 HC86

Cód Iompair Dearfach

- **Comhthéacs**
- **Réamhrá**
- **Ráiteas Misin**
- **Fís Oideachasúil Choláiste an Phiarsaigh**
- **Liosta Polasaithe Choláiste an Phiarsaigh atá mar chuid de Chóid Iompair na Scoile**

A. **Rialacha Scoile agus Daltaí le Riachtanais Bhreise Oideachais (RBO)**
B. **Cód Iompair agus Smachta**
C. **Labhairt na Gaeilge**
D. **Polasaí Scoil Lán Ghaeilge**
E. **Polasaí Smachta na Gaeilge**
F. **Meas ar dhaoine eile**
G. **Polasaí Friththromaíochta**
H. **Polasaí Gnás Feistis na Scoile**
I. **Meas ar Shealúchas**
J. **Polasaí Tinreamh na Scoile**
K. **Poncúlacht**
L. **Obair Bhaile & Dialann Scoile**
M. **Sláinte agus Slandáil**
N. **Tobac, Alcól, Drugaí agus Substaintí eile**
O. **Imeachtaí bainteach leis an Scoil**
P. **Bia Slántiúil**

- **Dea Iompar a Spreagadh**
- **Cur i bhfeidhm an Chóid Iompair – An Dréimire Idirghabhála**
- **Athbhreithniú**

Tá teacht ar chóipeanna crua de gach polasaí a luaitear sa doiciméad seo in Oifig na Scoile agus is féidir cóipeanna de chuid de na polasaithe sin a íoslódáil chomh maith ó shuíomh idirlín na scoile,
www.colaisteanphiarsaigh.ie

Comhthéacs

Dearadh an Cód Iompair seo i gcomhpháirtíocht le páirtnéirí uile na scoile:

- Scoláirí
- Múinteoirí
- Tuismitheoirí / Caomhnóirí
- An Bord Bainistíochta
- Na hIontaobhaithe

Cloíodh le treoirlínte an BNLO san athbhreithniú den Chód.
Glacann ionadaithe na dtuismitheoirí / na gcaomhnóirí agus na scoláirí mar aon leis an bhfoireann, an Bord Bainistíochta agus na hIontaobhaithe páirt in athbhreithnithe den Chód.

Réamhrá

Is meánscoil chomhoideachais lán-Ghaeilge í Coláiste an Phiarsaigh a fhreastlaíonn ar dhaltaí lae, lae-chónaithe agus cónaithe.

Is cuid lárnach d'fhealsúnacht na scoile an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den scoil. Chuige sin tugann an scoil, idir mhúinteoirí is daltaí, tús áite do labhairt na Gaeilge sa scoil agus in imeachtaí uile na scoile. Tá sé riachtanach go mbeadh gach dalta sásta tacaíocht ghníomhach a thabhairt dúinn san obair sin.

Déanfaimid gach iarracht atmaisféar nádúrtha foghlama a chruthú sa scoil. Beimid ag súil go mbeidh gach dalta fíreannach, macánta, dílis, dea-bhéasach, iontaofa agus freagrach. Is ceart go mbeadh meas ag an dalta ar dhaoine eile, laistigh agus lasmuigh den scoil, agus ar gach a mbaineann leo. Is ceart dóibh a bheith toilteanach obair de réir a gcumais agus go mbeadh siad eolach ar rialacha agus riachtanais na scoile.

Tá sé mar chúram ar an scoil a chinntiú gur féidir le foghlaim, le forbairt agus le fás an dalta dul chun cinn gan bac d'aon tsaghas.

Is ceart go mbeadh spiorad na Críostaíochta le mothú i ngach uile ghné de shaol na scoile. Cuirfimid romhainn an tuiscint agus an dea-shampla sin a léiriú i gcónaí inár gcumarsáid laethúil lena chéile ionas gur féidir le gach ball de phobal na scoile forbairt agus fás go nádúrtha.

Ráiteas Misin

- Meánscoil lán-Ghaelach is ea Coláiste an Phiarsaigh.
- Tugann pobal uile na scoile tús áite don chultúr Gaelach
- Tá sé mar aidhm againne i gColáiste an Phiarsaigh tréithe na Críostaíochta a chothú
- Is é sainspiorad na scoile ná meas a bheith againn ar a chéile, agus sinn ag tabhairt aitheantais d'éagsúlacht daoine, inár gcaidreamh laethúil

Tá Coláiste an Phiarsaigh tiomnaithe d'fhorbairt, do dhea-oiliúint agus d'fheabhas acadúil an dalta

Fís Oideachasúil Choláiste an Phiarsaigh

Tá sé mar chúram laethiúil orainn cabhrú, in aon slí ar féidir linn, le fás iomlán gach uile dalta.

Déanfaidh foireann na scoile tréan-iarracht a chinntiú go mbeidh gach dalta fíreannach, macánta, dílis, dea-bhéasach, iontaofa agus freagrach. Is ceart go mbeadh meas ag an dalta ar dhaoine eile, laistigh agus lasmuigh den scoil, agus ar gach a mbaineann leo. Ba cheart go mbeadh siad toilteanach obair de réir a gcumais agus go mbeadh siad eolach ar rialacha agus riachtanaisí na scoile.

Is cuid lárnach de fhealsúnacht na scoile an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den scoil. Chuige sin tugann an scoil, idir mhúinteoirí agus daltai tús áite do labhairt na Gaeilge sa scoil agus in imeachtaí uile na scoile. Tá sé riachtanach go mbeadh gach duine sásta tacaíocht ghniomhach a thabhairt dúinn san obair sin.

LIOSTA POLASAITHE CHOLÁISTE AN PHIARSAIGH ATÁ MAR CHUID DE CHÓD IOMPAIR NA SCOILE

- Polasaí Chód Iompair & Smachta – na Príomh Rialacha
- Polasaí Iontrála
- Polasaí Díbeartha agus Fionraíochta
- Polasaí Riachtanais Speisialta
- Polasaí Friththromaíochta
- Polasaí Chosaint Leanaí
- Polasaí Oideachas Caidrimh & Gnéis (O.S.P.S)
- Polasaí Mí-Úsáid Substainte
- Polasaí Usáide Inghlactha i leith an Idirlín
- Polasaí Scoile ar Fhóin Phóca/Seinnteoir Meáin
- Polasaí Gnás Feistis Scoile
- Polasaí Tréadchúraim
- Polasaí Treoir
- Polasaí Obair Bhaile
- Polasaí Gníomhaíochtaí Eischuriclaime
- Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta
- Polasaí Tinrimh
- Polasaí Gaeilge
- Polasaí Smachta na Gaeilge
- Polasaí Bia Slántiúil

*Ní dhéantar tagairt do gach polasaí thuasluaite sa doiciméad seo ach tuigtear go bhfuil na polasaithe go léir a luaitear i bhfeidhm sa scoil mar chuid dár n-iarracht chun dea-iompar a chur chun cinn agus timpeallacht fhoghlama dhearfach agus shábháilte a sholáthar do gach ball dár bpobal scoile

A: Rialacha Scoile agus Daltaí le Riachtanais Bhreise Oideachais (RBO)

Déanann múinteoirí agus sainphearsanra/ foireann speisialtóirí , gach iarracht a chinntiú go mínítear caighdeáin agus rialacha i modh a thuigeann scoláirí le riachtanais breise oideachais. Aithníonn an scoil go bhféadfadh díognóis fhoirmiúil a bheith ag daltaí agus tuigeann siad an tionchar indéanta a bhíonn aige sin ar an iompar. Déanfar measúnú ar na tosca seo agus cuirfear in iúl an cur chuige oiriúnach a bheidh ann agus tacaíocht iompraíochta á tabhairt do dhaltaí faoi leith. Tá an scoil tiomnaithe de chomhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí chun iompar dúshlánach a laghdú. Cuirfidh riachtanais chasta daltaí indibhidiúla i gcónaí in iúl, an cur chuige deiridh lena ghlacfar.

B: CÓD IOMPAiR AGUS SMACHTA:

Tá sé mar chúram ar thuismitheoirí cur amach a bheith acu ar Rialacha na Scoile agus *comhoibriú leis an scoil na rialacha sin a chur i bhfeidhm. Beimid ag súil go háirithe le tacaíocht ó thuismitheoirí i gcur chun cinn na Gaeilge. Is ceart go léireofaí suim in obair scoile an linbh, súil a choimeád ar an dialann, ar a c(h)uid obair scríofa agus spéis a chruthú sa Ghaeilge trí bheith á labhairt chomh minic agus is féidir.*

I gcásanna mí-iompair cuirfidh an scoil an t-eolas sin ar fáil do thuismitheoirí, go háirithe sa chás go gcuirfí trom-phionós ar dhalta. Déanfar cumarsáid le tuismitheoirí, i dtús báire, trí nóta a chur ar VSware nó trí ghlaoch teileafóin, trí litir nó cuirfear ceann d'fhoirmeacha na scoile chucu.

Ba mhór an chabhair dá mbeadh comhrá agus cumarsáid ag tuismitheoirí leis an múinteoir ranga/ Muinteoirí Bliana/an Múinteoir Tacaíochta Foghlama/ An Comhairleoir Treorach/leis an Leas-Phríomhoide, nó leis an bPríomhoide sa chás go mbíonn fadhbanna i gceist. Tá fáilte roimh thuismitheoirí teacht chun na scoile chun cás an dalta a phlé, ach coinne a dhéanamh roimh ré.

Nuair a bhíonn iompar an dalta mí-shásúil cuirfear córas smachta na scoile i bhfeidhm. De ghnáth tabharfar comhairle agus foláireamh, déanfar teagmháil le tuismitheoirí, tabharfar obair bhreise, coimeádfar daltaí istigh déanach, gearrfar fíneáil, bainfear ón rang iad agus más gá, cuirfear daltaí ar fionraí, nó déanfar iad a dhíbirt ón scoil faoi mar a oireann. Sa chás go mbíonn fionraíocht/díbirt i gceist tá sé de chead ag tuismitheoirí a gcás a chur agus, más gá, achainí a dhéanamh ar Bhord Bainistíochta na scoile.

Cód Impair agus Smachta - Na Príomh Rialacha

1. **Gaeilge:** 'Sí an Ghaeilge teanga labhartha na scoile. Labhair í i gcónaí sa scoil agus in imeachtaí uile na scoile, laistigh is lasmuigh den scoil.
2. **Tinreamh agus Poncúlacht:** Bí i láthair go poncúil sa scoil agus sa seomra ranga. Níl cead an scoil a fhágaint i rith an lae scoile gan cead scríofa ó thuismitheoirí a bheith tugtha don oifig roimhré nó glaoch ghutháin a bheith déanta chuig an oifig. Caithfidh an dalta a bhíonn déanach don scoil dul chuig príomh-oifig na scoile chun síniú isteach don lá. I gcás neamhláithreachais caithfear nóta ó thuismitheoirí a thabhairt ar fhilleadh chun na scoile.

3. **Am Lóin:** Is ceadmhach do dhaltaí dul abhaile idir 1. 00 i.n. agus 1. 30 i.n. ach litir a bheith sínithe ag tuismitheoirí ag tús na bliana agus é tugtha don Leas-Phríomhoide.
4. **Éide Scoile:** Tá an éide scoile iomlán - éadaí corpoideachais san áireamh - le caitheamh, ó bhonn go baitheas agus é glan néata. Tá Polasaí Gnás Feistis Scoile i bhfeidhm sa scoil
5. **Foghlaim agus Dul chun cinn:** Tá sé de dhualgas ar gach dalta a d(h)ícheall a dhéanamh ó thaobh obair scoile agus obair bhaile de agus gan bac a chur le foghlaim ná le dul chun cinn aon dalta eile sa scoil. Is ceart a bheith ullamh, réidh le haghaidh an ranga i gcónaí.
6. **Dialann Scoile:** Tá sé de dhualgas ar gach dalta nóta a dhéanamh go laethúil dá (h)obair bhaile sa dialann agus a chinntiú go síneoidh na tuismitheoirí é ag deireadh na seachtaine.Caithfidh an dialann a bheith ar fáil go laethúiil do mhúinteoirí sa scoil.
7. **Tobac/Deoch/Substaintí Eile:** Tá cosc iomlán ar cheannach, ar chaitheamh, ar sheilbh alcóil nó ar sheilbh aon substaint andúileach eile le linn an lae scoile nó le linn ghníomhaíochtaí nó chéiliúradh scoile. Níl sé ceadaithe do dhaltaí tobac a chaitheamh ar scoil nó in imeachtaí a bhaineann in aon tslí leis an scoil. (Tá chosc iomlán ar gach saghas toitín, toitín leictreonach agus vápáil). Toisc go ndeineann guma coganta díobháil don scoil - tá sé cosctha go hiomlán. Ní thabharfaidh an scoil taibléid/leigheas d'aon tsaghas do dhalta má tá sé/sí breoite.
8. **Fón:** Níl cead fón a úsáid le linn an lá scoile agus níl sé ceadaithe fón póca a chasadh ar siúl ach le cead eisceactúil ón scoil. Is ceart go ndéanfadh tuismitheoirí teagmháil leis an oifig sa chás go bhfuil teachtaireacht le seoladh ar aghaidh go dalta. Iarrtar ar thuismitheorí gan teagmháil fón/téacs a dhéanamh le daltaí le linn an lá scoile. Níl cead ag aon dalta griangraf ná fís a thógaint ar shuíomh na scoile, ach le cead eisceachtúil an mhúinteora. Tá Polasaí Scoile ar Fhóin Phóca/Seinnteoir Meáin I bhfeidhm sa scoil
9. **Iompar:**

- Bíodh gach dalta fírinneach, macánta, dílis, dea-bhéasach, iontaofa agus freagrach.
- Bíodh meas agat ort féin, ar do chomhdhaltaí, ar mhúinteoirí agus ar chuairteoirí chun na scoile.
- Bí mórálach as do scoil agus bíodh meas agat ar threalamh agus ar throscán na scoile, ar shealúchas dhaoine eile agus ar aon ní nach mbaineann leat.
- Is ceart aon ghníomh a tharraingeodh dímheas nó droch-ainm ar an scoil nó ar aon duine a bhaineann le pobal na scoile a sheachaint go hiomlán.
- Coimeádadh gach dalta an clós, an scoil agus an seomra ranga glan néata i gcónaí.

C: LABHAIRT NA GAEILGE

Is í an Ghaeilge príomh theanga Choláiste An Phiarsaigh agus beifear ag súil leis an nGaeilge amháin a chloisint ó na scoláirí , ní hamháin ar scoil ach ag teacht agus ag imeacht ón scoil agus in aon imeachtaí a bhaineann leis an gcoláiste.

- Tuigimid gurb é an Béarla príomh theanga cuid mhór na ndaltaí sa bhaile agus dá bhrí sin is dúshlán dúinn é an teanga a fhorbairt. Tabharfar seans do na daltaí an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna ilghnéitheacha, mar shampla; turasanna, aoí chainteoirí, díospóireachtaí, cluichí, srl.

- Creidimid gur féidir le tuismitheoirí an cúpla focal a úsáid lena bpáistí agus creidimid go bhfuil an dualgas sin orthu, mar shampla; ag fágáil sláin ar maidin agus ag fiafraí

conas mar a bhí ag deireadh an lae. Táthar ag iarraidh oraibh na leanaí a spreagadh, a mholadh agus a mhisniú chun an teanga a úsáid lasmuigh den scoil sa bhealach nach bhfeicfear dóibh gur teanga scoile amháin atá inti.

- Tá an fhreagracht ar gach dalta sa scoil a bheith dílis don Ghaeilge. Fairfidh an múinteoir ranga ar chaighdeán na Gaeilge labhartha i measc daltaí an ranga.

- Tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí an dea–shampla a léiriú tríd an Ghaeilge a labhairt i gcónaí agus na daltaí a spreagadh chun ard-chaighdeán Gaeilge a labhairt.

- Beidh sé mar pholasaí scoile, póstaeir i nGaeilge a chur ar na fallaí agus téacsleabhair i nGaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir. Is cuid de shainmheon na scoile é go n-úsáidfidh an dalta an leagan Gaeilge den ainm agus den sloinne.

D: POLASAÍ SCOIL LÁN GHAEILGE

(a) Is scoil lán-Ghaeilge í Coláiste an Phiarsaigh

- Teanga ghnó agus chumarsáide na scoile
- Teanga theagaisc agus fhoghlama i ngach ábhar seachas Béarla
- Teanga chaidrimh idir múinteoirí iad féin
- Teanga chaidrimh idir múinteoirí agus daltaí
- Teanga chaidrimh idir na daltaí féin agus i ngach rud a bhaineann le saol iomlán na scoile

(b) Labhrófar trí mheán na Gaeilge i gconaí sa scoil, sa chlós, ar an mbus scoile, ar thurasanna scoile agus le linn imeachtaí iar-scoile.

An Tumoideachas

(a) Is é an tumoideachas an córas oideachais a chuirtear i bhfeidhm i gColáiste an Phiarsaigh. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na daltaí báite sa Ghaeilge óna gcéad lá sa Choláiste. Labhróidh na múinteoirí Gaeilge amháin leis na daltaí ón gcéad lá a thosnaíonn siad sa scoil.

(b) Ní foláir do na daltaí caighdeán sásúil a bhaint amach chomh luath agus is féidir. Leis an bPolasaí seo sealbhóidh na daltaí an Ghaeilge go nádúrtha agus go héasca.

Múinteoireacht

(a) Is trí mheán na Gaeilge amháin a thabharfar gach míniú, soiléiriú agus sainmhíniú focal, téarmaí agus srl., i ngach ábhar ach amháin i gcás an Bhéarla agus Teangacha eile.

(b) Is trí mheán na Gaeilge a dhéanfaidh an múinteoir Tacaíocht Foghlama agus an Múinteoir Acmhainne a gcuid oibre ar fad ach amháin nuair a bhíonn obair Bhéarla ar siúl.

Cumarsáid

(a) Is é polasaí na scoile seo gurb í an Ghaeilge an teanga chumarsáide idir daltaí i gcónaí i gclós na scoile. Ní foláir foclóir an chlóis a mhúineadh do na daltaí. (Cuirfear cóip den fhoclóir ar fáil.)

(b) Is trí dhea-shampla agus trí dhea-chleachtas a ghlacfaidh na daltaí le Polasaí na Gaeilge sa scoil. As sin, beidh múinteoirí agus foireann uile na scoile le cloisint ag úsáid na Gaeilge i ngach gné den lá scoile taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga, eatarthu féin, le daltaí agus le haon duine fásta eile a thagann chun na scoile.

Riarachán Scoile

(a) Beidh Gaeilge líofa ag rúnaí na scoile. Labhróidh sé/sí Gaeilge le páistí agus le múinteoirí agus i gcás na dtuistí labhróidh sé/sí Gaeilge leo chomh fada agus is féidir. Beifear ag súil go mbeadh Gaeilge ag cúntóirí ranga agus go labhróidh siad Gaeilge le daltaí, múinteoirí, tuistí agus eatarthu féin. I gcás nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, ní labhróidh siad Béarla os comhair na ndaltaí. Is cuid d'fhoireann na scoile gach fostaí sa scoil agus tá dualgas orthu an Ghaeilge a úsáid agus nach ndéanfaidh siad spiorad sainiúil na scoile a shárú, a ísliú nó a dhíspeagadh in aon slí.

(b) Is cuid lárnach de chód iompair na scoile seo labhairt na Gaeilge. Is tré mhealladh agus spreagadh an tslí is fearr chun an Ghaeilge a chur chun cinn – mealladh, moladh, duaiseanna, turas scoile breise agus araile. I gcásanna nach n-éiríonn leis seo cuirfear i bhfeidhm na céimeanna atá leagtha síos sa Chód Iompair.

(c) Cuirfear foclóir de na téarmaí is coitianta a bheidh ar nótaí eolais ón scoil ar fáil do thuismitheoirí nua,. Cuirfear fógraí agus nótaí ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach i rith na scoilbhliana.

(d) Cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl do chuairteoirí ar ghnó oifigiúil chuig an scoil go dteastaíonn ón scoil go mbeadh Gaeilge ag na cuairteoirí seo, nó go ndéanfaidís fíor-iarracht pé Gaeilge atá acu a úsáid le linn a gcuairte.

Tuismitheoirí / Caomhnóirí

(a) Tá sé fíor-thábhachtach go bhfuil spéis dáiríre ag na tuistí sa Ghaeilge. Cuirfear tuistí ar an eolas faoi shainmheon Ghaelach na scoile roimh chlárú. Beifear ag súil go n-úsáidfidh siad pé Gaeilge atá acu.

(b) Sula gclárófar aon dalta sa scoil iarrfar ar na tuistí/ caomhnóirí conradh a shíniú

- Ag glacadh le Polasaí Gaeilge
- Ag glacadh le Polasaí Iompair na scoile
- Ag geallúint go míneoidh siad iad dá bpáistí agus
- Ag aithint na smachtbhannaí atá ann agus iad ag glacadh leo.

(c) Seo roinnt bealaí gur féidir le tuistí cabhrú agus tacú le hobair na scoile:

- Feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge tré fhreastal ar ranganna
- An Ghaeilge a labhairt i gconaí i dtimpeallacht na scoile
- Na daltaí a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin, sa bhaile, sa charr, ar an nguthán lena chéile, ag cóisir agus imeachtaí iar-scoile.
- Labhairt go minic leis na daltaí faoi na cúiseanna gur roghnaíodh scoil lán-Ghaeilge dóibh agus na buntáistí atá ag baint léi

- Tacaíocht a thabhairt do riail na Gaeilge sa scoil
- An Ghaeilge a úsáid am ar bith gur féidir – Cuirí Breithlae, Cártaí Breithlae, Nollag agus Buíochais
- Feidhmeoidh Coiste na dTuistí trí mheán na Gaeilge chomh fada agus is féidir
- Ba cheart don Ghaeilge a bheith ina teanga chumarsáide, ghnó agus shóisialta idir na tuismitheoirí chomh fada agus is féidir, i dtimpeallacht na scoile
- Lorgófar moltaí ó na Tuistí nuair atá an Polasaí Gaeilge á athbreithniú agus cuirfear cóip go dtí na tuistí nuair atá sé faomhaithe ag an mBord

Bord Bainistíochta

(a) Glacfaidh an scoil páirt i gcomórtais agus í bhféiltí Gaeilge agus Gaelacha

(b) Sa tuairisc a thugann an Príomhoide ag gach cruinniú Boird, beidh cúntas ar fáil faoi dhul chun cinn na Gaeilge mar chuid d'ábhar na tuairisce.

(c) Níor mhór don Bhord freastal ar riachtanais na dtuistí trína chinntiú go bhfuil siad:

- Rannpháirteach in oideachas a gcuid bpáistí
- Rannpháirteach i gcur chun cinn na scoile agus na Gaeilge: - mar shampla ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla, caint faoi labhairt na Gaeilge sa bhaile agus conas í a spreagadh agus a chur chun cinn ann agus iad a mhealladh isteach ó thaobh na Gaeilge de
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPolasaí Gaeilge go rialta
- Ba cheart don Bhord, don Phríomhoide, don fhoireann scoile agus do na tuistí a ról a ghlacadh ag cinntiú go gcloítear leis an bPolasaí Gaeilge
- Tacóidh an Bord le múinteoirí chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

E: POLASAÍ SMACHTA NA GAEILGE

Trí mheán na Gaeilge amháin a dhéantar cumarsáid i gColáiste an Phiarsaigh. Ionas gur féidir atmaisféar iomlán Gaelach a chothú agus ionas gur féidir labhairt na Gaeilge a fhorbairt i saol na scoile tá géarghá cloí go hiomlán leis an gcleachtas seo.

Aithnítear go bhfuil an-éagsúlacht idir leibhéal cumais na ndaltaí maidir le labhairt na Gaeilge - ó leibhéal na chéad bhliana go leibhéal an tséú bliain, ó leibhéal an tosaitheora go leibhéal an fhoghlaimeora le taithí. Tuigtear gur tábhachtaí an spreagadh agus an focal dearfach ná aon phionós. Déantar iarracht speisialta leibhéal Gaeilge na chéad bhliana a chothú agus a fhorbairt, go háirithe sna seachtainí tosaigh sa chóras oideachais dara léibhéal.

'Sé taithí na scoile ná go ndéanann daltaí mór dhul chun cinn sa Ghaeilge má léiríonn siad dea-thoil, aigne oscailte agus dearcadh dearfach i leith an Ghaeloideachais. Creidimid go bhfuil freagracht fé leith ar dhaltaí sinsearacha na scoile an dea-thoil a léiriú agus an spreagadh a thabhairt do dhaltaí nua agus go bhfuil freagracht ar thuismitheoirí tacaíocht ghníomhach a thabhairt dá bpáistí i gcur chun cinn na Gaeilge.

Sa chás go dteipeann ar dhalta tacaíocht a thabhairt do thuiscintí agus do phríomh-chuspóir

na scoile beidh ar fhoireann iomlán na scoile polasaí dian-smachta a chur i bhfeidhm. Tabharfar aitheantas do dhalta a théann i bhfeabhas. Sa chás go ndiúltáionn dalta go leanúnach a ghnáth-cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge molfar don mBord Bainistíochta é/í a dhíbirt ón scoil.

Riail na Gaelinne

Maidir leis an gcóras féin, seo mar atá aontaithe againn i mbliana:

Blianta 4/5/6

Gearán 1 – Téacs abhaile agus fanúint siar tar éis scoile

Gearán 2 – Téacs abhaile agus fanúint siar tar éis scoile agus aiste Ardteiste (2 leathanach)

Gearán 3 – Téacs abhaile, fanúint siar tar éis scoile, tuismitheoirí istigh, pribhléidí bainte agus aiste Ardteiste (2 leathanach)

Gearán 4 – Fionríocht: 1 lá ar dtús

Blianta 1/2/3:

Gearán 1 – Téacs abhaile agus fanúint siar tar éis scoile

Gearán 2 – Téacs abhaile agus fanúint siar tar éis scoile agus aiste (1 leathanach A4)

Gearán 3 – Téacs abhaile, fanúint siar tar éis scoile, tuismitheoirí istigh, pribhléidí bainte agus aiste (1 leathanach)

Gearán 4 – Fionraíocht; 1 lá ar dtús

*NÓTA: Bogfar siar sa chóras aon dalta a mbíonn 4 ghearán faighte acu má théann siad 8 seachtaine (scoile) glan gan gearán.

F: MEAS AR DHAOINE EILE

- Dearbhaíonn an Cód seo go bhfuil cearta ag gach ball de phobal na scoile. Dearbhaíonn an cód seo go sonrach, go bhfuil ceart foghlama ag gach scoláire agus ceart múinte ag gach múinteoir – saor ó bhac nó ó chur isteach.
- Dearbhaíonn an cód seo go mbeidh timpeallacht foghlama atá cuimsitheach agus a thugann tacaíocht do na scolairí agus foireann na scoile ar fad. Mar chuid de seo, beidh scoláirí le deacrachtaí/riachtanais speisialta páirteach go hiomlán i gcuraclam agus i gcultúr na scoile.
- Beidh meas ag baill uilie an phobal scoile ar phearsanra an Choláiste – ar mhúinteoirí, ar scoláirí, ar an bhfoireann oibre, ar thuismitheoirí agus ar chuairteoirí.
- Glacfaidh na scoláirí le húdarás an Phríomhoide, an Leas-Phríomhoide agus na múinteoirí agus iad i mbun a ngnó scoile – imeachtaí seachtracha san áireamh.

G: POLASAÍ FRITHTHROMAÍOCHTA

Nuair a chuirean daoine isteach go leanúnach ar dhaltaí nó nuair a chaitear leo gan meas thar thréimhse ama, tugtar BULAÍOCHT ar seo. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist, á sá, á mbualadh, ag cur isteach ar a gcuid maoine nó a bhfagáint ar leataobh, ach freisin d'fhéadfadh glaoch-ainmneacha, ag rá rudaí gránna mar gheall orthu nó ag magadh fúthu – go díreach leis an duine, tré théacs nó tré mheáin shóisialta idirlín a bheith i gceist chomh maith.

- Na daltaí a gcuirtear isteach orthu go rialta nó a gcaitear leo gan meas, braitheann siad easpa muiníne agus braitheann siad náirithe – chomh holc sin go dteastaíonn uathu é a choiméad faoi cheilt seachas é a rá le daoine fásta. Is mór an trua é seo. Dá ndéarfaidís é le daoine fásta, d'fhéadfadh na daoine fásta deighleáil leis agus deireadh a chur leis.
- Ma bhíonn fiú seisear dalta "ag piocadh" ar dhuine éigin uair sa ló, ar feadh seachtaine, d'fhéadfaí "piocadh" ar an ndalta thíos leis agus é/í a bheith 30 uair an tseachtain sin. Is bulaíocht é seo agus níl sé cóir ná ceart.
- Tá an ceart ag daltaí meas a bheith orthu agus nach ndéanfaí bulaíocht orthu toisc iad a bheith difriúil m.sh. craiceann donn nó bán a bheith orthu, iad a bheith árd nó íseal, trom nó tanaí, gruaig rua nó fhionn, ciúin nó glórach, aerach nó a mhalairt, garbh nó séimh, go maith ag Mata nó go holc ag Gaeilge & srl. Is difríochtaí beaga nach bhfuil tabhachtach iad seo ach is cóir go mbeadh "an luach" ag gach éinne agus dá bhrí sin an meas céanna a bheith tuilte acu.
- Ní gá go dtaitneódh gach éinne i do rang leat ach fós caithfidh tú meas a bheith agat orthu. Muna dtaitníonn cuid acu leat, is féidir leat fanacht amach uathu ach caithfidh tú gan bulaíocht a dhéanamh orthu.
- Go minic, ní thuigeann daltaí a dheineann bulaíocht ar dhaoine eile an dochar mór atá á dhéanamh acu. Tá daoine fásta tar éis lámh a chur ina mbás féin de bharr damáiste siceolaíochta, de thoradh bulaíochta nuair a bhíodar óg agus nár cuireadh stop leis. Is mór an damáiste is féidir le bulaíocht a dhéanamh.
- Tá daltaí a fheiceann agus a chloiseann mar gheall ar bhulaíocht ach nach dtugann tuairisc faoi, rud a chabhraíonn leis an mbulaíocht leanúint ar aghaidh. Má thugann siad tuairisc faoin mbulaíocht is féidir stop a chur leis agus is féidir le gach éinne maireachtaint go sona sásta, an bulaí féin san áireamh.
- Tá foireann múinteoirí frithbhulaíochta sa scoil seo chun iarracht a dhéanamh deireadh a chur le bulaíocht sara mbeidh gá é a thabhairt os comhair an Mhúinteoir Bliana, Thuismitheoirí, an Phríomhoide, An Bord Bainistíochta nó na Gardaí.
- Níl suim againn a bheith ag cur pionóis ar éinne – níl uainn ach go stopfadh an bhulaíocht – ANOIS! Má bhíonn a fhios againn go bhfuil dalta ag déanamh bulaíochta ar dhaoine eile, buailfimid go ciúin leis an dalta sin agus míneoimid dó/di cé chomh dáiríre agus mí-chóir atá an bhulaíocht, agus chomh holc is a bhraitheann an té atá thíos leis. Beidh gealltanas á lorg ansin againn go stopfaidh an bhulaíocht agus má fhaighimíd an gealltannas sin agus má stopann an bhulaíocht, ansin beidh deireadh leis an scéal. Caithfidh deireadh a bheith leis an mbulaíocht.
- Mar scoil táimid ag leanúint an Polasaí agus na treoirlínte atá leagtha amach ar an suíomh seo: www.antibullyingcampaign.ie i gcomhar le Seán Fallon
- Féachfar ar thromaíocht mar mhí-iompar tromchúiseach. Cuid dhílis den Chód Iompair seo is ea an **Polasaí Frith-Thromaíochta** agus glacfar leis amhlaidh.

H: POLASAÍ GNÁS FEISTIS NA SCOILE

Ní mór do scoláirí éide scoile, mar atá leagtha síos, a chaitheamh

- ag teacht ar scoil
- i rith an lae
- ag dul abhaile ón scoil

agus a n-ainm a scríobh le dúch doghlanta ar na baill éide ar fad.

Bímid ag súil le hárdchaighdeán néatachta ónár scoláirí. Is ambasadóirí na scoile iad daltaí Choláiste an Phiarsaigh. Tuigeann na daltaí gur áit don fhoghlaim í an scoil agus go bhfuil taispeántais faisin tánaisteach dá bharr. Tuigeann tuismitheoirí agus daltaí go bhfuil an polasaí gnás feistis deartha chun cloí le rialacha sláinte agus sábháilteachta. Creidimid go gcabhraíonn cloí le gnás feistis le daltaí a ullmhú do shaol na hoibre agus gur oiliúint mhaith í le féin-araíonacht. I ngach cás is faoin Scoil a bheidh an cinneadh deiridh maidir le cad atá oiriúnach agus cad nach bhfuil oiriúnach. Mar riail ghinearálta do thuismitheoirí agus do dhaltaí, déan seiceáil ar an éide scoile gach maidin. Má tá aon amhras ort, déan é a chur ina cheart.

- **Éide Scoile:** Caithfidh an **éide scoile iomlán chomh maith leis an éide corp oideachais scoile a bheith** ag gach dalta. Aon dalta atá ag iarraidh freastal ar ranganna gan an feisteas comhaontaithe, caithfear nóta míniúcháin a thabhairt chuig an oifig roimh am scoile.
- **Bróga:** Caithfidh gach dalta **bróga dubha leathair scoile** a chaitheamh leis an éide scoile, is cuma an bríste nó sciorta a bheidh á chaitheamh acu. Tá cosc iomlán ar bhróga canbháis agus bróga reatha dubha mar chuid den éide scoile.
- **Gruaig:** Ba chóir go mbeadh an ghruaig glan agus slachtmhar. Ní cheadaítear aon stíleanna gruaige aisteacha. Má roghnaíonn daltaí a gcuid gruaige a dhathú, ba chóir go mbeadh dath / scáth nádúrtha i gceist.
- **Seodra agus Gabhálais:** Péire 'studs' cluaise (ceann in aghaidh an mhaothán chluaise) agus cneaspholladh cluaise amháin eile (agus nó loingeán fad is atá sé discréideach) atá ceadaithe. Níl cead fáinní cluaise móra a chaitheamh ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta. Ní cheadaítear aon chneaspholladh eile (má tá sé clúdaithe fiú). Ní cheadaítear aon seodra eile seachas uaireadóir. Níor chóir go mbeadh tatúnna le feiceáil.
- **Cóta scoile** - Tuigeann tuismitheoirí agus daltaí go mbíonn coinníollacha aimsire olc ann go minic agus mar sin go mbeidh an **cóta scoile dubh (ar fáil ó Keen House)** ag teastáil ó gach dalta. Ní mór ainmneacha na ndaltaí a scríobh ar gach cuid den éide scoile chun aon éiginnteacht a sheachaint agus ba chóir cótaí a stóráil i do thaiseadán scoile nuair is féidir.
- **Scairf**: Tá scairf ceadaithe fad is atá sé liath/dubh go hiomlán.
- **Smidiú:** Níl smidiú d'aon saghas, ná snas ingne ceadaithe.
- **Féasóg:** Níl cead ag aon dalta féasóg a bheith acu ach amháin i gcás Bl.5 agus Bl.6 má bhíonn cead speisialta faighte acu ón bPríomhoide ar dtús.

Cuirfear pionós ar aon dalta nach gcloíonn leis an bpolasaí gnás feistis go dtí go réiteofar an fhadhb.

Éide Scoile: Cuirfear riail na n-eadaí scoile i bhfeidhm ina iomlán. Caithfidh gach dalta a thaispeáint le linn na chéad seachtaine go bhfuil an éide scoile iomlán aici/aige – éadaí Corp Oideachais san áireamh.

CAILÍNÍ	**BUACHAILLÍ**
➢ Sciorta scoile liath agus/nó bríste scoile ➢ Blús scoile dearg (x2) ➢ Geansaí scoile le suaitheantas scoile ➢ Cóta scoile ➢ **Bróga leathair dubha scoile** ➢ Stocaí scoile dubha (faoi bhun na glúine)/riteoga	➢ Bríste scoile liath ➢ Léine scoile liath (x2) ➢ Geansaí dubh scoile le suaitheantas scoile ➢ Stocaí liath ➢ Carbhat dubh scoile ➢ Cóta scoile ➢ **Bróga leathair dubha scoile**

Níl cead aon chuid den éide Corp Oideachas a chaitheamh ach amháin le linn ranganna Corp Oideachas.

Éadaí le haghaidh cluichí:

Raonchulaith Corp Oideachas scoile -Ar fáil ó Keen House amháin, bróga reatha, culaith snámha & caipín snámha, tuáille mór

I: MEAS AR SHEALÚCHAS

- Tá cosc glan ar chreachadóireacht a dhéanamh
  (i) ar shealúchas scoláirí eile
  (ii) ar shealúchas fhoireann na scoile
  (iii) ar shealúchas na scoile.
- Beidh tuismitheoirí / caomhnóirí freagrach as aon damáiste mailíseach a dhéanann a mac /iníon do shealúchas phobal na scoile.
- Tá dualgas ar an scoláire aon damáiste a dhéanann sé / sí a chur in iúl do mhúinteoir láithreach.

Ní ghlacann an scoil aon fhreagracht as sealúchas ar bith scoláire a chaillteár, a ghoidtear nó a bhristear. Déantar deiláil le gach cás den tsort seo faoin gcód iompar agus smachta

*Ní mór do dhaltaí agus do mhúinteoirí ainm a bheith acu ar gach rud a bhaineann leo

J: POLASAÍ TINRIMH NA SCOILE

Cuirtear an-bhéim ar dhea-thinreamh scoile anseo i gColáiste an Phiarsaigh. Leagtar an-bhéim sa scoil ar dhaltaí a spreagadh chun freastal ar scoil gach lá. Tuigimid freisin an tábhacht a bhaineann le cúntas cruinn a choiméad ar thinreamh na ndaltaí atá faoin ár

gcúram. Ta córas cuimsitheach anseo sa scoil againn lena chinntiú go gcoiméadtar taifead cruinn ar an tinreamh scoile. Déantar athbhreithniú go minic ar an gcóras seo lena chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú i gceart agus athruithe a dhéanamh más gá.

Bíonn géarghá le comhoibriú idir tuismitheoirí, caomhnóirí, daltaí agus foireann na scoile maidir le tinreamh agus mar thoradh ar an gcomhoibriú seo is féidir linn a bheith cinnte go bhfaigheann gach dalta an deis dul chun cinn sásúil a dhéanamh agus buaic a gcumais a bhaint amach.

Ról an Tuismitheora/Chaomhnóra:

- Iarrtar ar thuismitheoirí an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh agus tráthúlacht a phlé lena bpáiste agus a léiriú go bhfuil meas acu ar seo trí iarracht a dhéanamh laethanta saoire, coinní srl. a eagrú taobh amuigh d'am scoile
- Baintear úsáid as dialann scoile an dalta le teagmháil idir an baile agus an scoil a éascú.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí nóta i dtaobh neamhláithreachta nó coinní a scríobh san áit chuí sa dialann agus a chinntiú go bhfuil an nóta sin ag an dalta ar an gcéad lá ar ais ar scoil nó go gcuirtear an scoil ar an eolas faoin díláithreachas roimh ré más féidir
- I gcás aon neamhláithreachta fadtéarmach, tá sé de dhualgas ar thuismithoirí/chaomhnóirí údaráis na scoile a chur ar an eolas faoi.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí a chinntiú go mbíonn a bpáistí ar scoil gach lá, seachas nuair a bhíonn leithscéal cuí acu a bheith as láthair

Ról an Dalta:

- Ní mór do scoláirí a bheith i láthair gach lá scoile agus freastal ar imeachtaí uile an amchláir – cúrsaí spóirt san áireamh. Ní bheidh saoirse ón riail seo ach ag scoláirí go mbíonn nóta sásúil reatha ó thuismitheoir / caomhnóir acu sa dialann scoile.
- Tá an fhreagracht ar an dalta an nóta neamhláithreachta bán dearg líonta ina iomlán a chur i mbosca poist an leas-phríomhoide ar an gcéad lá tar éis don dalta filleadh ar scoil
- Tá sé de dhualgas ar an dalta freastal ar gach rang i rith an lá scoile agus cead múinteora a fháil más gá an rang a fhágaint ar chúis ar bith
- Tá sé de dhualgas ar gach dalta dul go ranganna in am i rith an lá scoile
- Más gá don dalta an scoil a fhágaint i rith an lá scoile (8.50 – 3.30), tá gá nóta bán dearg líonta go hiomlán a thaispeáint ag oifig na scoile ar tí dóibh imeacht agus an leabhar 'síniú amach' a shíniú. Cuirfear stampa scoile air láithreach.
- Tá sé de dhualgas ar an dalta cuntas seachtainiúil a líonadh i ndialann an dalta chun méid iomlán na laethanta atá caillte de bharr neamhláithreachta a choiméad. Tugann sé seo cuntas iomlán ag deireadh na bliana.

Ról an Mhúinteora:

- Coiméadann gach múinteoir rolla ranga agus líontar é sin ag 8.50 gach maidin

- Má bhíonn amhras ar mhúinteoir faoi neamhláithreacht dalta labhrann siad leis an múinteoir bliana faoi.
- Má thagann dalta déanach go dtí an chéad rang ar maidin, cinntíonn an múinteoir go bhfuil stampa déanach ar an nóta bán i ndialann an dalta ón oifig.
- Má thagann dalta déanach ar scoil gan nóta bán ag míniú na cúise, bíonn orthu dul go hoifig na scoile chun síniú isteach agus fanann siad ann ag staidéar go dtí go dtosnaíonn an chéad thréimhse eile.

Ról an Mhúinteoir Bliana:

- Coimeádann an múinteoir bliana súil ghéar ar nótaí neamhláithreachta uair in aghaidh na seachtaine le linn tréimshe an mhúinteoir ranga/mhúinteoir bliana
- Spreagann agus gríosann siad na daltaí a bheith ar scoil agus pléann siad an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh
- Déanann an múinteoir bliana teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí má tá buarthaí ann faoi neamhláithreacht daltaí

Ról an Leas-Phríomhoide:

- Coiméadann an leas-phríomhoide cuntas faoi neamhláithreacht. Marcálann sé/sí an neamhláithreacht faoi na ceannteidil seo a leanas: Tinneas; Cúiseanna clainne; Gan míniú; Gníomhaíocht scoile; Déanach; Ar fionraí; Eile
- Cuirtear an t-eolas seo faoi bhráid an Phríomhoide agus seoltar chuig an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais go rialta é.
- I gcás dalta a chailleann 20 lá nó níos mó in aon scoilbhliain amháin, tá sé de dhualgas ar an scoil na sonraí faoin neamhláithreacht a chur ar fáil don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais
- Bíonn teagmháil rialta idir an Príomhoide, an Leas-Phríomhoide agus na múinteoirí bliana maidir le neamhláithreacht daltaí
- Bíonn daltaí a thagann thar nais ar scoil ar bhonn páirtaimseartha de bharr droch-thinneas nó sláinte intinne faoi chúram an Leas-Phríomhoide. Eagraítear sosanna dóibh agus déantar socruithe le hanam chara scoile chun tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ar an mbóthar chun filleadh thar nais go lánaimseartha.

K: PONCÚLACHT

- Ní mór do scoláirí a bheith ar scoil in am gach maidin agus in am do na ranganna ar fad ar an tráthchlár.
- Tá sé riachtanach go síneodh gach scoláire an leabhar poncúlachta nuair a thagann sé/sí isteach déanach ar scoil.
- Níl cead ag scoláire ar bith a bheith as láthair ó rang gan nóta scríofa ón múinteoir cuí (duillín)
- Dalta a bhíonn déanach: Ní cheadófar do dhalta nach mbíonn litir aige/aici dá m(h)íphoncúlacht freastal ar ranganna go dtí go mbíonn an rang thart. Sa chás go mbíonn litir aige/aici seans go mbeidh cead acu dul go dtí an rang le discréid an Phríomhoide nó an Leas-Phríomhoide

- Féadfar nach gceadófar do scoláirí a bhíonn déanach go rialta páirt a ghlacadh in imeachtaí seach-churaclaim, turasanna agus cuairteanna scoile.

L: OBAIR BHAILE & DIALANN SCOILE

- Beidh dialann scoile ag gach scoláire chun nóta a dhéanamh den obair bhaile laethúil agus an dáta cuí scríofa ann. Beidh an dialann scoile ar fáil i gcónaí do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí / do chaomhnóirí.
- Tógfar an dialann scoile amach ag tús gach rang.
- Níl cead ag duine ar bith scríobh sa dialann seachas an scoláire féin, tuismitheorí an scoláire agus na múinteoirí.
- Ní mór do thuismitheoir / do chaomhnóir an dialann a shíniú uair sa tseachtain.
- Is sa bhaile amháin a dhéanfar an obair bhaile. Déanfaidh scoláirí obair bhaile go néata, slachtmhar.
- Is é an scoláire atá freagrach as an obair bhaile a scríobh gach lá. Sa chás nach bhfuil an gnáth múinteoir sa rang is ceart an obair a bhí fágtha a nótáil sa spás chuí sa dialann. I gcásanna eisceachtiúla nuair nach bhfuil aon obair fágtha ag an múinteoir ní mór don dalta an obair a rinne siad sa rang a nótáil sa dialann.
- Sé a bhíonn i gceist le h-obair bhaile ná obair scríofa, an dul siar agus an staidéar atá le déanamh don ábhar

M: SLÁINTE AGUS SLÁNDÁIL

- Ba chóir do thuismitheoirí / caomhnóirí eolas riachtanach faoi shláinte nó faoi mháchail a bpáiste a chur in iúl don scoil.
- Ba chóir timpiste ar bith a tharlaíonn sa scoil nó breoiteacht ar bith a chur in iúl do mhúinteoir láithreach.
- Níl cead ag scoláirí a bheith as rang agus iad tinn. Má tá scoláire tinn, cuirfear glaoch abhaile ón oifig chun socrú a dhéanamh an scoláire a bhailiú. Níl cead ag scoláirí a gcuid fón póca a úsáid chun dul i dteagmháil le baile gan cead a fháil ó oifig na scoile ar dtús.
- Leanfaidh na scoláirí treoracha an mhúinteora i gcónaí faoi chúrsaí slándála.
- Ní cuirfidh scoláirí isteach ar trealamh, áiseanna nó fearas in aon seomra ranga.
- Níl cead ag scoláire cur isteach ar na háiseanna nó na fearais atá ann do shlándáil. Is coir dháirire é cur isteach ar fhearas múchta tine nó ar chóras aláraim na scoile.
- Tá polasaí Sláinte agus Slándála san Ionad Oibre ag Coláiste an Phiarsaigh. Tá an polasaí seo ar fáil ó údaráis na scoile.

N: TOBAC, ALCÓL, DRUGAÍ AGUS SUBSTAINTÍ EILE

- De réir dlí tá cosc ar chaitheamh tobac ar scoil. Tá dian chosc ar thoitíní (gach cineál toitín, tiotín leictreonach, agus vápáil san áireamh) agus ar lastóirí a bheith i seilbh scoláirí. Níl cead ag scoláirí tobac a chaitheamh
    - sa scoil
    - in éide na scoile dóibh
    - faoi chúram na scoile dóibh.
- Tá cosc ar scoláirí alcól a ól ná a bheith ina seilbh acu sa scoil nó in aon áit eile ina mbíonn siad faoi chúram na scoile.

- Tá cosc ar úsáid, díol, tairiscint nó ceannach drugaí nó tuaslagóirí nó ar shubstaintí intinn-athraitheacha sa scoil nó iad a bheith i seilbh aon duine sa scoil nó in aon áit eile ina mbíonn siad faoi chúram na scoile.
- Tá cosc ar scoláirí teacht ar scoil nó freastal ar imeachtaí bainteach leis an scoil agus iad faoi thionchar alcóil, tuaslagóirí, drugaí nó aon substaint intinn-athraitheacha eile.

O: IMEACHTAÍ BAINTEACH LEIS AN SCOIL

- Is gá cead scríofa ó thuismitheoir / caomhnóir a bheith ag scoláire chun páirt a ghlacadh in imeachtaí taobh amuigh den scoil atá ceadaithe ag an scoil ach nach bhfuil faoi mhaoirseacht mhúinteoirí
- Turais Scoile – Is faoin bPríomhoide atá sé cead taistil ar thuras scoile a dhiúltú do scoláire ar bith
- Níl cead ainm na scoile a úsáid ar aon fhoilseachán, postaer, nuachtlitir srl., gan cead scríofa ón bPríomhoide.

P: BIA SLÁNTIÚIL

Aithnímid i gColáiste an Phiarsaigh an nasc idir ithe sláintiúil agus iompar dearfach. Tá cothú tábhachtach don inchinn chomh maith leis an gcorp. Tiocfaidh feabhas ar dea-ghiúmar, iompar agus foghlaim mar thoradh ar inchinn atá chothaithe go maith. Dá bhrí sin, mar phobal scoile, cuirfimid lóin shláintiúil chun cinn. Iarraimid tacaíocht ár dtuismitheoirí san obair seo trí lóín sláintiúla a sholáthar do dhaltaí. Cuirtear i gcuimhne do dhaltaí go rialta trína gcuid oibre ranga an tábhacht a bhaineann le roghanna itheacháin sláintiúla a dhéanamh chun tacú lena sláinte agus lena n-folláine. Déantar iad a éascú chun scileanna agus dearcadh a fhorbairt chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena n-iontógáil bia.

- Fé mar atá á mholadh ag an Roinn Oideachais níl 'meaisín tuc' sa scoil. Iarrtar ar gach dalta bia folláin slántúil a thabhairt isteach d'am sosa, d'am lóin agus don staidéar oíche mas gá.
- Chun tacaíocht a thabhairt do bheartas bia sláintiúil, níl cead ag daltaí guma coganta, criospaí, grán rósta nó deochanna fiosaí a thabhairt ar scoil. Is fearr go bhfágfaí milseáin le haghaidh ceiliúradh speisialta seachas iad a thabhairt go rialta.
- Tá Siopa na Scoile "Folláin" oscailte gach lá ó 10.50 - 11.00 agus ó 13.00 - 13.30 - biachlár iomlán ar suíomh na scoile. Tógtar an t-ordú do bhia d'am lóin ag 10.50.
- Uisce amháin atá ceadaithe mar deoch **(www.fooddudes.ie).** Tá rochtain ag leanaí ar uisce óil úr ag roinnt áiteanna timpeall na scoile.

DEA-IOMPAR A SPREAGADH

Tá sé mar aidhm ag Coláiste an Phiarsigh timpeallacht foghlama dearfach a chothú bunaithe ar mheas frithpháirteach. Cothaítear meas trí chumarsáid oscailte idir pháirtnéirí uilig na scoile. Tá ról lárnach ag pearsanra/struchtúir na scoile i gcothú iompair dhearfaigh. Tá sé mar aidhm ag na struchtúir seo a leanas tacú le hiompar dearfach:

- Tionóil rialta (déantar tagairt do thinreamh agus do phoncúlacht, déantar seiceáil ar dhialanna & éide scoile agus dáiltear fógraí)
- Múinteoirí OSPS (pléann na múintoirí OSPS le forbairt fhisiciúil agus mhothúchánach na scoláirí)
- Múinteoirí Ábhair agus CRSanna ((i) spreagtha chun timpeallacht dearfach a chothú, (ii) deimhnítear iompar dearfach go neamhfhoirmeálta agus scríofa sa dialann agus (iii) ceartaítear agus déantar taifead ar drochiompar)
- Múinteoir Ábhair (ag forbairt meoin dhearfaigh le scoláirí ag leibhéal ábhair)
- Múinteoir Ranga (Déanann sé/sí monatóireacht ar dhul chun cinn oideachasúil gach mac léinn laistigh de chomhthéacs tréadach)
- Múinteoirí Bliana (ról tréadach i gcothú iompar dearfach, ag fiosrú agus treorú gnéithe iompair, cumarsáid le páirtnéirí eile)
- Comhleoir Treorach (ag comhairliú scoláirí i ngrúpaí beaga nó ar bhonn aonarach)
- Leas-Phríomhoide (ag comhairliú na páirtnéirí inmheánacha ar cheisteanna iompair)
- Príomhoide (freagracht iomlán do leas scoláirí ar bhonn laethúil sa scoil)
- Foireann Meánbhainistíochta (ag cothú iompair dhearfaigh)
- Bord Bainistíochta (freagracht iomlán do leas scoláirí sa scoil)

Tá ról an tábhachtach ag tuismitheoirí/caomhnóirí i gcothú iompair dhearfaigh. Cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin gCód Iompair agus spreagtar iad chun meon dearfach agus tacaíochta a ghlacadh ina leith trí na bunphrionsabail ar a bhfuil sé bunaithe a mhíniú dóibh. Glacann tuismitheoirí leis an gcód iompar go bliantiúil mar chuid den bpróiséas Athchlárú. Cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir le dul chun cinn a mic/iníne ar bhealaí éagsúla – tuairiscí scrúduithe, nótaí ar Vsware, cumarsáid trí dhialann an scoláire, glaochanna gutháin, litreacha agus cruinnithe ina measc.

Déanann Coláiste an Phiarsaigh gach iarracht tacú le tuismitheoirí / caomhnóirí a bhfuil deacrachtaí ag a bpáistí.

Ba chóir do thuismitheoirí / caomhnóirí glaoch ar an scoil chun coinne a dhéanamh. Moltar teagmháil a dhéanamh le rúnaí na scoile trí ghlaoch ar an oifig (021 4821955) nó trí r-phost a sheoladh chuig colanphiarsaigh@eircom.net. Treorófar iad chuig an ball foirne cuí – mar a bhfuil; Múinteoir Abhair, Múinteoir Bliana nó Leas Phríomhoide nó an Príomhoide. Bí ar an eolas go moltar do thuismitheoirí / caomhnóirí gan teacht chuig an scoil gan coinne roimh ré mar nach féidir a bheith ag súil go mbeidh pearsanra na scoile ar fáil chun bualadh leo gan fógra a bheith acu.

Tá an scoil dírithe ar dhea-iompar a chur chun cinn sa scoil tríd an réimse leathan módhanna thíos luaite:

- Ionchur ag scoláirí sna rialacha scoile
- Moladh ó bhéal
- Clár OSPS
- Nótaí dearfacha sa dialann / ar Vsware
- Comhairle na nDaltaí
- Córas Meantóirí (Meitheal do scoláirí nua)
- Coiste Frith-Thromaíochta
- Turais faoin aer
- Lá spóirt
- Cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí
- An Duaisbhronnadh

Baintear leas as na tuairiscí seo a leanas freisin chun iompar dearfach a chothú:

- Foirm Tuairisce ar Dhalta
- Tuairiscí Téarma (Measúnú Leanúnach)

Tá leathnach 'Do Sheacht nDícheall' I ndialann an dalta a chuireann in iúl dóibh na h-ionchais atá againn mar scoil chun dea-iompar a chur chun chinn:

- Bí in am do gach rang.
- Bíodh gach rud réidh agat don rang; trealamh, leabhair, fearais ranga agus rl.
- Ná bí ag ithe ná ag ól ná ag cogaint sa rang.
- Bíodh an obair bhaile réidh agat nó an iarracht is fearr le taispeáint don mhúinteoir.
- Suigh síos go ciúin, síochánta san áit a tugadh duit.
- Fan ar do shuíochán ach amháin má thugann an múinteoir cead duit bogadh.
- Tóg amach do dhialann scoile, do chóipleabhair, leabhair, obairbhaile láithreach.
- Bí ag éisteacht go géar sa rang
- Glac páirt go gníomhach sa rang.
- Cuir ceisteanna muna bhfuil tuiscint iomlán agat ar an ábhar.
- Bí tuisceanach agus léirigh meas dá chéile nuair a chuireann daltaí eile ceisteanna.
- Bíodh meas agat ar do mhúinteoir.
- Bí cinnte go scríobhann tú síos gach cuid den obairbhaile sa dialann.
- Glan an seomra sula bhfágann tú.
- Ag deireadh an lae dún na fuinneoga, cuir na cathaoireacha in airde ar na boird agus múch na soilse.

Cur i bhfeidhm an Chóid Iompair: An Dréimire Idirghabhála

1. **Múinteoir Ábhair**
2. **Múinteoir Bliana**
3. **Leas-Phríomhoide**
4. **Príomhoide**
5. **Bord Bainistíochta**

Céim 1: Dréimire Idirghabhála: Múinteoir Ábhair

Tá gach Múinteoir freagrach as smacht a chothú ina s(h)eomra ranga féin agus comhfhreagracht a roinnt le múinteoirí eile as dea-ordú laistigh den scoil, ar shuíomh na scoile agus ar thuras scoile.

a) **Nuair a tharlaíonn droch iompar úsáid straitéisí idirghabhála dearfacha. Is féidir leis an múinteoir Smachtbhannaí / Luaíochta ó Aguisín 1 a úsáid fé mar is cuí**

Nuair a bheidh smachtbhannaí á eisiúint ba chóir do mhúinteoirí treoirlínte an BNLO a leanúint maidir le "Dea-chleachtas in úsáid smachtbhannaí" - *Go bhfuil Smachtbhannaí mar chuid de phlean chun iompar a athrú. Is cineál idirghabhála dearfach an smachtbhanna. Ní dócha go n-athróidh an smachtbhanna leis féin an t-iompar, ámh. Ba chóir smachtbhannaí a úsáid mar chuid de phlean níos leithne chun cuidiú leis an mac léinn foghlaim óna n-iompar. Ba chóir go n-úsáidfí smachtbhanna ar bhealach ómósach a chuidíonn le mic léinn torthaí a n-iompair a thuiscint agus leis an bhfreagracht a ghlacadh chun an t-iompar sin a athrú. Ní mór don smachtbhanna, go háirithe:*

- *an teannas a bhaint ón scéal, gan é a fhormhéadú*
- *dínit na bpáirtithe uile a chaomhnú*
- *a bheith curtha i bhfeidhm ar bhealach cóir comhsheasmhach*
- *a bheith tráthúil.*

(Leasaithe ó NEWB Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte do Scoileanna (2007))

b) **Má leanann an iompar ar aghaidh is ceart an eachtra a thaifeadadh. Taifeadann an múinteoir an t-idirghabháil agus an smachtbhanna ar chuntas Vsware an dalta. Pléigh a iompraíocht leis an dalta chun a fháil amach an bhfuil cúiseanna taobh thiar den iompar.**

c) **Mic léinn le riachtanais speisialta oideachais (RSO) (Leasaithe ó Threoirlínte NEWB)**

Féadfar smachtbhannaí a bheith riachtanach chun cabhrú le daltaí le riachtanais speisialta oideachais (RSO) le foghlaim faoi iompar agus scileanna cuí, mar atá i gcás aon dalta.
Mar sin féin, ba chóir do mhúinteoirí cúram ar leith a thabhairt don dalta a bhfuil riachtanais speisialta acu a cabhraíonn leo tuiscint a fháil go soiléir ar chuspóir an smachtbhanna agus an fáth nach bhfuil a n-iompar inghlactha.

D'fhéadfadh cabhair a bheith ag teastáil ó dhalta le RSO an Cód Iompair Dearfach a thuiscint agus a leanúint. Mar shampla, b'fhéidir go gcaithfí a mhúineadh do dhaltaí le RSO conas cúis

agus éifeachtaí iompair a thuiscint le bealaí níos inláimhsithe, mar shampla trí phictiúir, scannán nó rólghlacadh. B'fhéidir nach mbeidh siad in ann iarmhairtí a thuar chomh héasca agus a gcomhghleacaithe agus mar sin d'fhéadfadh go mbeadh siad leochaileach.

Tá na cleachtais scoile maidir le hiompar bailí do gach dalta, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aitheanta acu. Ba chóir do mhúinteoirí dul i ngleic le comhordaitheoir / foireann SEN maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aitheanta acu.

d) Más rud é nach dtagann feabhas ar iompraíocht an dalta tar éis an t-idirghabháil atá déanta ag an múinteoir ábhair déanfar atreorú chuig an Múinteoir Bliana. Is féidir an t-atreorú seo a dhéanamh ó bhéal nó tríd an gcóras Vsware.

e) Tá na taifead iompair, lena n-áirítear atreoruithe, ar fáil do thuismitheoirí chun féachaint orthu ar an gcóras vsware. Cuirfear in iúl do thuismitheoirí go bhfuil atreorú déanta go dtí an Múinteoir Bliana i gcás a mhac/iníon *téacs/glaoch abhaile ón Múinteoir Bliana

Aguisín 1: Seo a leanas roinnt de na smachbhannaí/luaíochta go bhféadfaí a úsáid chun dea iompar a chur chun chinn ag Céim 1:

Smachtbhannaí:	**Luaíochta:**
➢ Iomardú ó bhéal & comhairle ar conas feabhsú ➢ Iad a bhogadh sa seomra ➢ Iad a bhaint as grúpa (sa rang) ➢ Obair phionóis (don dalta amháin) ➢ Glaoch gutháin abhaile ➢ Fanúint istigh am lóin faoi chúraim an mhúinteora ➢ Nóta ar vsware ➢ Pribhléidí sa rang a bhaint ➢ Ticéad Béarla (ceacht Gaeilge) ➢ Tuairisc scoile ➢ Atreorú chuig an múinteoir bliana (trí Vsware nó ó bhéal) ➢ Cleachtas Aisiríoch ➢ Fanacht siar ag deireadh an ranga chun teacht ar réiteach leis an múinteoir ➢ Dalta eile a chur chuig an oifig le haghaidh tacaíocht bhainistíochta nó cabhair ó mhúinteoir eile	➢ Moladh ó bhéal sa rang ➢ Nóta dearfach ar Vware ➢ Ainmniúchán don scothscoláire ➢ Cárta poist dearfach a sheoladh abhaile ➢ Fógra chuig an múinteoir bliana (trí vsware freisin) ➢ Glaoch gutháin abhaile ➢ Bronntar bronntanas (dearbhán nó turas scoile) ➢ Bheith mar ionadaí scoile ag imeachtaí ➢ Tuairisc dhearfach Scoile ➢ Focal dearfach leis an dalta (ní os comhair an ranga)

Ba chóir a thabhairt faoi deara go leagann treoirlínte an BNLO síos freisin cén saghas smachtbhannaí nár cheart a úsáid:

I measc na smachtbhannaí mí-oiriúnacha tá:

- pionós fisiceach nó bagairt pionós fisiceach: tá bualadh fisiceach mic léinn i gcoinne an dlí de réir an Achta um Chionta Neamh-mharfacha in aghaidh an Duine, 1997
- magadh, tarcaisne nó focail ghéara a dhéanfadh damáiste d'fhéinmhuinín an mhic léinn
- náiriú poiblí nó príobháideach
- ag cur smachtbhannaí i bhfeidhm ar ghrúpaí nó ranganna iomlána i gcásanna a bhaineann le héagóir duine aonair nó le grúpa beag
- ag fágáil mic léinn i suíomh gan mhaoirseacht (m.sh. amuigh sa phasáiste) agus é nó í faoi chúram na scoile
- aonrú dianseasmhach nó ag tabhairt neamhairde ar mhac léinn i rang
- smachtbhannaí atá á n-úsáid ar dhóigh leatromach. Éilíonn na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004 nach ndéanann scoileanna leithcheal in úsáid smachtbhannaí.

Céim 2: Dréimire Idirghabhála: Múinteoir Bliana

Is é ról an Múinteoir Bliana ná leanúint ar aghaidh ó Chéim 1. Tá siad ag nascadh le múinteoirí ábhar, tuismitheoirí agus bainistíocht. Deineann an Múinteoir Bliana deileáil le haon mhí–iompar nach gceartaítear faoi chéim 1. I gcás aon droch–iompar leanúnach nó mór-eachtra is ceart don mhúinteoir ábhar dul i dteangmháil leis an múinteoir bliana. Is ceart caint leis an dalta agus cumarsáid a dhéanamh leis na tuismitheoirí. Is ceart cúntas cruinn a choiméad ar VSware. Seo a leanas roinnt de na Smachtbhannaí & Luaíochtaí go bhféadaí a úsáid chun dea-iompar a chur chun chinn ag Céim 2

Smachtbhannaí:	Luaíochtaí:
➢ Iomardú ó bhéal & Comhairle ar conas feabhsú ➢ Nóta ar Vsware ➢ Cárta dul chun chinn ➢ Cleachtas Aisiríoch – Is é an cuspóir ná tuiscint níos fearr a thabhairt don dalta ar na rialacha atá briste aige / aici. Chun cabhrú leis an dalta tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil a ghníomhartha ag dul i bhfeidhm ar dhaoine eile den phobal. Comhairle a chur ar an scoláire conas é a iompar go cuí agus a athbhunú ➢ Glaoch gutháin abhaile ➢ Pribhléidí a bhaint ➢ Cárta Smachta 1 ➢ Cárta Smachta 2 ➢ Atreorú chuig an Leas-Phríomhoide	➢ Moladh ó bhéal ➢ Nóta ar vsware ➢ Glaoch gutháin abhaile ➢ Ainmniúchán don scothscoláire ➢ Cárta poist ag léiriú feabhas mór ar iompar a sheoladh abhaile ➢ Teastas labhairt na gaeilge abhaile ➢ Bronntar bronntanas (dearbhán nó turas scoile) ➢ Bheith mar ionadaí scoile ag imeachtaí

Athreoruithe CÉIM 2:
(a) Faigheann Múinteoir Bliana atreorú ó mhúinteoir
(b) Buaileann an Muinteoir Bliana leis an dalta chun idirghabháil a dhéanamh nó smachtbhanna cuí a ghearradh ar an dalta.
(c) Déanann an Múinteoir Bliana cumarsáid le baile maidir le haon idirghabhálacha. (Mar shampla tuairisc ar Vsware, cárta Dul Chun Cinn, Cárta Iompair, glaoch gutháin, téacs, r-phost srl)
(d) Má leanann an t-iompar, déantar atreorú ar an dalta chuig an leas-phríomhoide

Céim 3: Dréimire Idirghabhála: Leas-Phríomhoide

D'fhéadfadh an Leas-Phríomhoide aon cheann de na smachtbhannaí a luaitear sna céimeanna thuas a fhorchur ar aon tráth. Is é ceann de na ceadúcháin breise a d'fhéadfadh an Leas-Phríomhoide a fhorchur ná an tarraingt siar ón rang. Uaireanta caithfear dalta a tharraingt siar ón rang chun fiosrúcháin a dhéanamh nó chun deis machnaimh a thabhairt don dalta ar feadh tréimhse gearr ama

NÓTA: Ní fhéadfadh múinteoirí riamh daltaí a eisiamh as a gcuid ranganna agus / nó an dalta a fhágáil gan maoirseacht.

D'fheadfadh dalta a bheith tarraingte siar ón rang tar éis 'Atreorú Céim 2' nó 'Athreorú mar gheall ar Eachtra'. Tar éis don Mhúinteoir Bliaina dul i gcomhairle leis an Leas-Phríomhoide tógfaidh an Leas-Phríomhoide an cinneadh deiridh. D'fhéadfadh an Leas-Phríomhoide cinneadh a dhéanamh go huathoibríoch gan dul i gcomhairle leis an Múinteoir Bliana.

Buailfidh an Leas-Phríomhoide, maraon leis an múinteoir bliana, le haon dalta atá fós míshásúil tar éis céim 3. Is ceart cruinniú foirmeálta a lorg leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus notaí cruinn a choiméad ar VSware. Is fearr aon mholadh fionraíochta a chur fé bhráid an Phríomhoide.

De ghnáth déanfaidh an Leas-Phríomhoide cuid de na hidirghabhálacha atá leagtha amach thíos a chur san áireamh agus iad ag déileáil le cásanna.

- Cuirfidh an Múinteoir Bliana gach fáisnéis a bhaineann leis an dalta ar aghaidh chuig an Leas-Phríomhoide. I bhformhór na gcásanna déantar é seo trí Vsware ach d'fhéadfadh Cárta Dul Chun Cinn, Cárta Smachta, srl a bheith tugtha ar aghaidh freisin
- Buailfidh an Leas-Phríomhoide leis an dalta.
- Féadfaidh an Leas-Phríomhoide dul i gcomhairle le múinteoirí ábhair.
- Féadfaidh an Leas-Phríomhoide an mac léinn a threorú chuig an gComhairleoir Treorach nó ball den Fhoireann Tréadchúraim de réir mar atá tuilleadh imscrúdú á dhéanamh.
- Féadfaidh an Leas-Phríomhoide comhairle a chur ar an bPríomhoide go bhfuil gá le cruinniú idir na páirtithe go léir má tharlaíonn droch-iompar eile - Ina measc sin bheadh roinnt de na páirtithe seo a leanas - an Múinteoir Ábhair / Múinteoir Bliana / Comhairleoir Treorach, tuismitheoirí/caomhnóirí agus gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear an EWO agus / nó CAMHS nó NEPS.
- Féadfaidh an Leas-Phríomhoide tar éis imscrúdú a dhéanamh smachtbhanna a fhorchur.
- Déanann an Leas-Phríomhoide atreorú chuig an Príomhoide má cheapann siad gur ábhar tromchúiseach é agus féadfaidh sé fionraí nó smachtbhannaí breise a bharántas.

Céim 4: Dréimire Idirghabhála: Príomhoide

Tá freagracht deiridh ag an bPríomhoide as reáchtáil na scoile ó lá go lá. Cinntíonn sé nó sí go bhfuil feidhmiú smachtbhannaí, cothrom agus cuí. Is é an Príomhoide an guth cúis is déanaí maidir le próiseas cothrom a thosaíonn sa seomra ranga. Caithfidh an Leas-Phríomhoide gach beart a ídiú sula dtabharfar atreorú chuig an bPríomhoide, ach amháin sa chás gur dóigh leis an Leas-Phríomhoide go bhfuil aon eachtra amháin chomh tromchúiseach go n-iarrtar aird an Phríomhoide láithreach air. Is é an Leas-Phríomhoide amháin a thógfaidh an cinneadh gurb í seo an bealach atá le dul. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, nach dtarlódh a leithéid ró-mhinic agus go gcaithfear gach gné riaracháin de chur i bhfeidhm an Chóid a leanúint sula ndéanann an Príomhoide cinneadh maidir leis an cás m.s atreorú Céim 2, atreorú mar gheall ar eachtra agus teagmháil le tuismitheoirí. (Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear tuismitheoirí ar an eolas go háirithe i ngníomhartha de chineál tromchúiseach) Ba cheart imní faoi dhaltaí ó thaobh Cosaint Leanaí a chur faoi bhráid an Phríomhoide mar Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe láithreach.

Féadfaidh an Príomhoide:

- Leas a bhaint as aon cheann de na smachtbhannaí ó CÉIM 1-3
- Cruinniú a eagrú le Tuismitheoirí / Caomhnóirí
- Atreorú chuig Treoir chun tacaíocht a fháil
- Déan teagmháil le gníomhaireachtaí tacaíochta más ábhartha nó is gá.
- Fionnraíocht
- Plean ath-chomhtháite a mholadh don dalta i gcomhairle leis an Leas-Phríomhoide
- Atthreorú chuig an mBord Bainistíochta

Ma bheartaíonn an Príomhoide, i gcomhairle leis an Leas-Phríomh-Oide, gur cheart dalta a chur ar fionraí caithfear an t- eolas sin a chur ar fáil do na tuismitheoirí i scríbhinn agus ó bhéal. Ar fhilleadh chun na scoile don dalta, buailfidh an Príomhoide leis na tuismitheoirí.

Is ceart nóta cruinn a chur ar VSware fé shonraí na gcinní/gcruinnithe sin agus eolas faoi fhionnraíocht a chur in iúl don mhúinteoir bliana ar an lá céanna.

Nótálfar i bhfilleacháin don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais gur cuireadh dalta ar fionraí agus leanfar treoracha de thuras na huaire ón BNLO.

Céim 5: Dréimire Idirghabhála: Bord Bainistíochta

Cuirfidh an Príomhoide in iúl don Bhord Bainistíochta nuair a chuirtear dalta ar fionraí.

Is féidir leis an bPríomhoide moladh a chur os comhair an Bhoird maidir le dalta a dhíbirt ón scoil. Déanfaidh an Bord an moladh sin a mheas i gcomhthéacs treoracha reatha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus an BNLO. Tar éis seans a thabhairt don dalta / dá t(h)uismitheoirí a gcás a chur, déanfar cinneadh maidir leis an dalta a dhíbirt nó gan é / í a dhibirt. Níl aon baint ag an bPríomhoide leis an gcinneadh sin. Is cinneadh an Bhoird atá ann

Ba cheart go mbeadh an díbirt mar freagra comhréireach ar iompar an dalta. Is céim an-tromchúiseach é dalta a dhíbirt, agus ceann amháin nach nglacann an Bord Bainistíochta leis ach i gcásanna tromchúiseacha de iompar do-ghlactha. Tá céimeanna suntasacha tógtha ag an scoil chun dul i ngleic leis an mí-iompar agus chun díbirt an dalta a sheachaint. Rinne na hÚdaráis Scoile iarracht sraith idirghabhálacha a thriail agus creideann siad go bhfuil na féidearthachtaí go léir ídithe acu chun iompar an dalta a athrú.

Féadfaidh tuismitheoir, nó dalta atá os cionn ocht mbliana déag d'aois, achomharc a dhéanamh ar chinneadh a dhíbirt chuig Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (Alt Oideachais 1998 alt 29).

Atreoruithe mar gheall ar Eachtraí

Déanann múinteoir atreorú díreach chuig an Múinteoir Bliana.

Tabhair faoi deara le do thoil: Is féidir atreorú a dhéanamh mar gheall ar aon eachtra is cuma go dtarlaíonn sé laistigh nó lasmuigh den seomra ranga. Is ceart an t-eachtra a thaifead ar Vsware agus atreorú a dhéanamh chuig an Múinteoir Bliana

D'fhéadfadh an t-iompraíocht seo a leanas a bheith i gceist:

- Iompar foréigneach / ionsaitheach / bagarthach i dtreo daltaí nó múinteoirí na scoile.
- Gadaíocht
- Damáiste do shealúchas
- Mí-úsáid substaintí
- Ag fágáil na scoile gan cead
- Iompar mí-oiriúnach lán-soiléir

N.B: Ní féidir gach sárú iompair agus a smachtbhannaí deiridh a chlúdach. Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta an t-alt thuas a léirmhíniú agus an cinneadh deiridh a dhéanamh.

Nóta: Ról an Múinteoir Ranga

Go príomha déanann an Múinteoir Ranga monatóireacht ar dhul chun cinn oideachasúil gach dalta laistigh de chomhthéacs tréadach. Bíonn siad i dteagmháil go rialta le Múinteoirí Bliana na scoile ag cur in iúl dóibh go bhfuil imní acadúil nó tréadach orthu mar gheall ar dalta(í) ina bhunrang.

Beidh an Múinteoir Ranga freagrach as:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an dialann scoile. Déanfar an dialann a sheiceáil uair sa tseachtain le linn an tréimhse 'Múinteoir Ranga', ag tabhairt deis don mhúinteoir comhfhreagras a athbhreithniú idir an scoil agus an baile (Nótaí ó thuismitheoirí, nótaí neamhláthaireachais srl). Tugann sé deis freisin a sheiceáil go bhfuil an obair bhaile á scríobh i gceart.
- Taifid a dhéanamh agus a choinneáil ar aon airgead a bhailítear ón ngrúpa.
- Téamaí coiteann do dhaltaí a mhúineadh do gach bunrang m.s feachtas frithbhulaíochta
- Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil an Fhoireann Tréadchúraim / an Fhoireann Frithbhulaíochta nó an Fhoireann Bhainistíochta tar éis a aithint mar 'Faoi bhrú'
- Cluas éisteachta a thabhairt d'imní na ndaltaí.
- Ag obair leis an gComhairleoir Treorach / Foireann Tréadach má mheastar dó a bheith cuí nó riachtanach.
- Ag Freastal ar Thionól
- Polasaí gnás feistis scoile a chur i bhfeidhm le linn tréimhse an rang múinteoir ranga.
- Cabhrú le eagrúchán na dtaisceadáin. Má bhíonn saincheist eagrúcháin ag aon dalta, cabhróidh an múinteoir ranga leo maidir le conas iad féin a bhainistiú.
- An Cód Iompair Dearfach a Mhíniú.
- Buarthaí mar gheall ar thinreamh agus poncúlacht a chur in iúl don Mhúinteoir Bliana.
- Tuairisc an Múinteoir Ranga

ATHBHREITHNIÚ

Déanfar an Cód Iompair agus Rialacha na Scoile a athbhreithniú agus a leasú nuair is gá.

Rinneadh an Cód Iompair seo a athbhreithniú agus glacadh leis ar an 17/06/25.

Síniú:

Ruairí Ó Catháin,

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta